


IAF



**Ár nEolas
a Fhorbairt**

**Straitéis
2026–33**

IAF

Clár na nÁbhar

Ráiteas an Chathaoirligh	2
Straitéis	4
Comhthéacs	6
Obair	8
Próifíl	10
Gailearaí	11
Féiniúlacht	20
Colúin Straitéiseacha	22
Plean Oibre	24
Creidiúint	26



IAF

Agus IAF os cionn 20 bliain ar an bhfód, leagtar amach sa Straitéis seo treo agus fíis shoiléir don eagraíocht. Tógann sí ar an mbunchloch láidir atá leagtha síos, cuireann sí béim ar ár dtiomantas don ailtireacht mar bhuntáiste don phobal agus forbraíonn sí na bealaí ina bpléann muid le daoine, le pobail agus le comhpháirtithe. Léirítear sa Straitéis eagraíocht atá muiníneach, comhoibríoch agus ag breathnú chun cinn – eagraíocht nuálaíoch a ghlacann ról gníomhach i dtírdhreach cathartha na hÉireann a mhúnlú. Tá athrú ag teacht ar an gcomhthéacs don ailtireacht, agus ar bhealach níos leithne,

do chleachtas cultúrtha. Teastaíonn cur chuige nua ceannasaíochta, foghlama agus samhlaíochta mar gheall ar an éigeandáil aeráide, ar éagothroime shóisialta agus spásúil, ar dhul chun cinn sciobtha na teicneolaíochta agus ar choinníollacha athraitheacha cultúrtha agus eacnamaíochta.

Aithníonn IAF go bhfuil baint mhór ag an ailtireacht leis na dúshláin seo, agus más mian linn dul chun cinn fiúntach a dhéanamh, go gcaithfidh gach réimse, earnáil agus pobal oibriú le chéile. Tugann muid cuireadh duit, mar sin, a bheith linn, tacú linn, páirt a ghlacadh mar chomhoibrithe, agus an Straitéis

seo á cur i bhfeidhm againn.

Sna hocht mbliana amach romhainn, leanfaidh IAF ar aghaidh ag treabhadh an ghoirt seo le béim ar an macántacht, ar dhea-chleachtas agus ar mhisneach, chun an ailtireacht a oscailt do chách agus a chinntiú go n-aithnítear í mar fhórsa ríthábhachtach cultúrtha agus mar cheart pobail. Trí chur leis an tuiscint phoiblí agus trí thógáil ar an stór eolais atá againn, tá sé de sprioc ag IAF ní hamháin freastal ar ár gcuid riachtanas reatha, ach Éire na todhchaí a chomhshamhlú.



Ráiteas an Chathaoirligh

Ní hamháin go múnlaíonn an ailtireacht ár dtimpeallacht tógtha ach múnlaíonn sí ár bhféiniúlacht chultúrtha, ár gcomhtháthú sóisialta agus ár samhlaíocht chomhchoiteann freisin. Seasann Fondúireacht Ailtireachta na hÉireann (IAF) mar fhórsa ríthábhachtach i dtírdhreach cultúrtha na hÉireann – ag nascadh daoine leis an ailtireacht trí oideachas, rannpháirtíocht agus nuálaíocht. Tugann a cuid oibre cumhacht don phobal an ailtireacht a fheiceáil, ní hamháin mar fhoirgnimh, ach mar léiriú ar cé muid féin agus ar an méid is mian linn a bheith.

Mar Chathaoirleach, bhí mé spreagtha ag cumas uathúil IAF dioscúrsa ailtireachta a dhaonlathú agus comhráite cuimsitheacha a chothú faoinár gcathracha, ár mbailte agus ár bpobail. Is cúis don athrú é IAF — lena dtugtar le chéile ailtirí, ealaíontóirí, oideachasóirí agus saoránaigh chun todhchaí na hÉireann a athshamhlú trí dhearadh.

Ó thaobh an rialachais de, tá an eagraíocht fós diongbháilte ina tiomantas don trédhearcacht, don chuntasacht agus don mhaoirseacht straitéiseach. Is é an rud a d’fhan seasmhach ná ár gcreideamh san ailtireacht mar leas don phobal. Is é an cur chuige atá á fhorbairt againn: glacadh le comhpháirtíochtaí nua, sruthanna cistiúcháin a éagsúlú, agus ár n-athléimneacht oibríochtúil a neartú.

Tá IAF ag oiriúnú de réir cuspóra. Le bliain anuas, d’oibrigh an Bord agus an fhoireann ceannaireachta go dlúth chun an eagraíocht a dhéanamh slán i bhfad na haimsire, lena n-áirítear infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar digiteach, for-rochtain a leathnú, agus inbhuanaitheacht a leabú inár gclársceidealú. Áirithítear leis na hiarrachtaí sin ní hamháin go mairfidh IAF ach go n-éireoidh leis i dtírdhreach cultúrtha agus eacnamaíoch atá ag athrú go tapa.

Faoi cheannaireacht an Stiúrthóra agus faoi thiomantas fhoireann IAF atá an-chruthaitheach, tá an eagraíocht ag seachadadh le soiléireacht agus le tionchar. Leanann a cuid oibre ag cur IAF mar phríomhghuth i gcultúr na haitireachta, go háitiúil agus go hidirnáisiúnta. Leis an straitéis nua sin, athdhearbhaímid ár dtiomantas do smaointe misniúla, do rannpháirtíocht an phobail agus do shármhaitheas ailtireachta.

Brian Moran,
Cathaoirleach IAF

Is uirlis ríthábhachtach í straitéis d’aon eagraíocht. Déanann ár straitéis ár bhfís chun luach agus tionchar a sholáthar a phoiblíú, ag tarraingt línte soiléire idir aidhmeanna fadtéarmacha uailmhianacha, agus na modhanna a úsáidfimid chun iad a bhaint amach.

Nuair a bhíomar ag iarraidh straitéis nua a fhorbairt a thiocfadh in ionad *Shaping Our Future, 2019–23*, a chuidigh linn sinn a threorú le cúig bliana anuas, fuaireamar amach go raibh cuid mhór den treo a leagtar amach inti fós an-ábhartha don eagraíocht agus dá misean. Chreideamar nárbh é an deis a bhí ann ár mbunphrionsabail straitéiseacha a athchruthú, ach tabhairt faoi nuashonrú a d’fhág go raibh ár gcuaspóirí fadtéarmacha níos soiléire agus nach raibh siad chomh ceangailte céanna le tionscadail agus gníomhaíochtaí sonracha.

Chun gabháil leis an straitéis eagraíochtúil ocht mbliana sin, forbróimid dhá phlean oibre ceithre bliana lena ndéanfar gníomhaíocht oibríochtúil de chuspóirí fadtéarmacha a thuilleadh. Fágfaidh na pleananna oibre sin go mbeidh sé níos éasca tuiscint a fháil ar ár bhfoireann agus gníomhú ina leith ar fud na foirne, agus tacóidh siad linn a bheith freagrúil, lúfar agus athléimneach i gcónaí i ndomhan atá ag gluaiseacht go tapa.

Agus é ag dul i gcló, tá IAF ag ceiliúradh a 20ú bliain mar eagraíocht chultúrtha neamhspleách. Sa lá atá inniu ann, tá coincheap bunaidh IAF — an ailtireacht a chur i láthair an phobail — fós lárnach dár misean.

Níl an ailtireacht éagsúil leis an tsochaí; Tá sé fite fuaite ina croílár. Maireann an ailtireacht agus maireann sí mar chleachtas cultúrtha ábhartha agus luachmhar trí chómhálartacht, maidir lena hacmhainneacht uathúil chun raon éagsúil malartuithe cruthaitheacha comhchoiteanna a chothú idir daoine agus áiteanna, agus gach ceann acu ag cur an duine eile ar an eolas le himeacht ama.

Tarlaíonn na malartuithe sin ar scálaí éagsúla, ach bíonn an tionchar is mó acu nuair a bhuaileann tú le daoine san áit ina bhfuil siad – sna cathracha, sna bailte, sna seomraí nó sna tírdhreacha atá tábhachtach dóibh. Tá IAF tar éis a uaillmhian agus a chumas a mhéadú le fiche bliain anuas chun é sin a dhéanamh, ag seachadadh clársceidealú ailtireachta ar ardchaighdeán go huathúil ar fud an oileáin seo, ó phríomhchathair go cósta, ó phortaigh go foirgnimh.

I measc an iliomad tionscadal atá againn, spreag ár bhféile Open House Dublin cultúr cúraim chruthaithigh a theastaítear idir an chathair, an contae, agus na daoine a chónaíonn agus a oibríonn ann. Thug Bog Bothy, tionscadal maidir le comhfhorbairt áite, deis do phobail struchtúir agus cleachtais nua a chomhchruthú ar dtús, agus a úsáid ina dhiaidh sin, ar struchtúir agus cleachtais iad atá ag cur eolas ar fáil, ón mbun aníos, dár dtuiscint náisiúnta ar an gcéad rud eile do phortaigh in Éirinn. Déanaimid turas ar ár gcuid oibre, ag bualadh le daoine i hallaí baile agus in oifigí cánach, ag roinnt taispeántais a bhuaigh duaiseanna cosúil le The Reasons of Towns. Agus, tugaimid cumhacht don chéad ghlúin eile de dhaoine óga a nguth a aimsiú agus a úsáid i bplé faoina dtodhchaí thógtha tríd ár gclár náisiúnta Ailtirí i Scoileanna.

Mar eagraíocht, braitheann ár dtionchar ar ár n-oscailteacht féin don chómhálartacht. Oibríonn IAF go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta le raon daoine aonair, comhpháirtithe, eagraíochtaí, lucht déanta beartas, gníomhaithe cultúrtha agus gníomhairí chun ár gcuid oibre a chomhchruthú agus a sheachadadh. Ní hamháin gur seasamh straitéiseach é sin do IAF, ach is seasamh réalaioch é — agus, san ailtireacht, is seasamh ceannaireachta é.

Tuigimid go bhfuilimid mar chuid de thacar níos leithne gníomhaithe agus eagraíochtaí sa chultúr, san ailtireacht agus sa tsochaí. Oibrímid chun deireadh a chur le bacainní agus sadhlanna, agus a fhios againn ó thaithí gur trí oibriú le daoine eile is féidir linn tosú de bheith ag cinntiú go dtuigtear, go gcosnaítear agus go gcothaítear luach na haitireachta don tsochaí. Ciallaíonn nádúr leabaithe na haitireachta freisin, mar chleachtas cultúrtha agus mar dhisciplín ghairmiúil araon, go bhfuil baint aige leis na dúshláin shóisialta atá ann faoi láthair. An t-athrú aeráide, ceartas sóisialta agus spásúil, neamhionannais eacnamaíocha as a n-eascraíonn rochtain éagothrom ar thithíocht agus ar bhonneagar poiblí, agus an easpa tacaíochta poiblí do riosca cruthaitheach agus nuálaíocht i ndearadh agus in ailtireacht, gach tionchar ar ailtireacht agus ar an obair a dhéanaimid in IAF.

Tá ról ag IAF maidir le tacú le dioscúrsa agus comhrá faoi na saincheisteanna seo, bealaí nua a aimsiú chun cumarsáid a dhéanamh le lucht féachana cad is féidir leis an ailtireacht a dhéanamh anois, agus conas a d’fhéadfadh an ailtireacht an chéad athrú eile a dhéanamh, chun cabhrú leis na dúshláin sin a mhaolú.

Chun a ról a imirt, tá IAF ag obair chun ár n-eolas féin ar an ailtireacht agus maidir leis an ailtireacht a leathnú agus oibreoimid chun na hacmhainní a aimsiú chun ár n-eolas a chur ar fáil do chách. Tar éis 20 bliain de ghníomh, gníomhaíocht agus infheistíocht phoiblí, tá ár n-eolas ar ailtireacht sonrach agus uathúil agus tá fíorluach fadtéarmach ag baint leis dár bpáirtithe leasmhara, maoinitheoirí, comhpháirtithe agus comhoibrithe.

Cuirfidh ár n-ardán digiteach agus ár suíomh gréasáin atógtha go hiomlán rochtain nua ar an eolas uathúil sin ar fáil do lucht féachana náisiúnta agus idirnáisiúnta, cuid acu a d’fhéadfadh a bheith ag teacht air den chéad uair. Cinnteoidh tuilleadh infheistíochta i gcumarsáid ó IAF gur féidir na cláir ar ailtireacht atá curtha i gcrích againn i gcónaí a chur in oiriúint a thuilleadh do riachtanais shonracha an lucht féachana a mbímid ag obair leis cheana féin agus dóibh siúd nach bhfuil bainte amach againn go fóill.

Ag an am céanna, tá a fhios againn ónár gcuid oibre agus ó aiseolas, go bhfuil gá le hionad fisiciúil don ailtireacht chun ár lucht féachana a leathnú tuilleadh. Chun níos mó spáis a dhéanamh don ailtireacht, chun a luach agus a tionchar a bhaint amach go hiomlán, agus chun tiomantas na hÉireann don ailtireacht a ailiniú le tiomantas tíortha eile, tá teach agus baile de dhíth orainn chuige sin. Is é an fhianaise atá ann go neartóidh sé sin rannpháirtíocht agus rannpháirteachas an phobail san ailtireacht a thuilleadh.

Ní hamháin go dtreorófar lenár straitéis nua an clársceidealú agus an rannpháirtíocht ar ardchaighdeán dár lucht féachana, treorófar ár bhfoireann léi freisin. Cuirfimid ár gcultúr foghlama, nuálaíochta, riosca agus malartaithe eolais féin chun cinn inár gcuid oibre chun coinneáil suas le domhan cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíoch atá ag athrú agus dinimiciúil.

Tá IAF ann chun tuiscint a leathnú agus a dhoimhniú, agus smaointeoireacht agus deiseanna a chur chun cinn maidir leis na bealaí a dtéann an ailtireacht isteach inár saol agus a mhúnlaíonn í, agus cad a chiallaíonn sé sin dúinn mar dhaoine aonair, mar phobail, mar chultúr, agus mar náisiún. Chun é sin a bhaint amach, tá dhá phríomhshruth oibre againn:

Tuiscint a leathnú agus a dhoimhniú

Taispeáint	Déanaimid taispeántais uathúla a cheapadh, a choimeád, a tháirgeadh agus a chur i láthair a léiríonn gnéithe éagsúla den ailtireacht, den chultúr, agus an luach atá acu siúd dár saol.
Féile	Bailímid lucht féachana agus comhoibrithe trasdisciplíneacha éagsúla ag féilte a cheiliúrann scéalta na haitireachta a cheanglaíonn daoine agus áiteanna.
Áit	Oibrímid le pobail ar fud na hÉireann, á nascadh le cleachtóirí agus lucht déanta beartas, chun na háiteanna ina gcónaíonn siad, ina n-oibríonn siad, ina bhfoghlaímíonn siad agus ina ndéanann siad súgradh a chomhchruthú agus a fhorbairt.

Smaointeoireacht agus deiseanna a chur chun cinn

Foghlaím	Forbraímid conairí agus deiseanna nua do réimse éagsúil lucht féachana agus grúpaí a mbeidh sé de chumhacht acu níos mó a fhoghlaim faoi luach na haitireachta, eolas pearsanta a fhorbairt, agus meas níos fearr a léiriú ar thaithí saoil daoine eile.
Todhchaí	Déanaimid taighde, iniúchadh, forbairt agus tacaíocht ghníomhach ar chineálacha cur chuige, samhlacha agus ailtirí atá ag teacht chun cinn agus a ghlacann le cruthaitheacht agus riosca, chun todhchaí na haitireachta a chur chun cinn ar mhaithe le leas an phobail.
Eolas	Déanaimid an t-eolas nua a ghineann ár gcuid oibre a phacáistiú, a aistriú agus a scaipeadh i raon formáidí, chuig raon lucht féachana agus páirtithe leasmhara, ag cur luach agus tionchar na haitireachta in iúl don tsochaí,

Próifíl

Yvonne Farrell agus
Shelley McNamara,
Comhbhunaitheoirí,
Grafton Architects

“Tá Fondúireacht Ailtireachta na hÉireann ag cur tuiscint níos doimhne ar an ailtireacht mar cheart sibhialta in iúl go gníomhach don phobal. Lasmuigh de na haitirí iad féin agus na hinstitiúidí ailtireachta, níl aon chomhlacht eile ann a chomhlíonann an ról rithábachtach sin. Má táimid chun cultúr na haitireachta in Éirinn a fhorbairt agus a fhás, teastaíonn an pobal uainn chun tuiscint a fháil ar acmhainneacht na haitireachta saolta a fheabhsú agus ár dtimpeallacht a athrú ó bhonn. Faoi láthair, tuigtear gur ‘dearadh’ í an ailtireacht agus gur ionstraim d’fhórsaí tráchtála í. Ní bheidh an pobal in ann a éileamh go ndéanfar an ailtireacht a luacháil agus a chur chun cinn mar cheart sibhialta ach amháin nuair a thuigfear gur príomhfhórsa cultúrtha é.”

Nora Hickey M’Sichili,
Stiúrthóir,
Centre Culturel Irlandais

“Léiríonn cónaitheacht IAF/CCI creideamh comhroinnte IAF agus Centre Culturel Irlandais i bPáras go bhfuil luach na haitireachta ag brath an oiread céanna ar mhalartú smaointe agus peirspictíochtaí agus atá sa timpeallacht tógtha.”

Mary McCarthy,
Stiúrthóir,
Gailearaí Ealaíne Crawford

“Is struchtúr uathúil é Fondúireacht Ailtireachta na hÉireann in éiceachóras cultúrtha na hÉireann. Bhunaigh sé é féin mar an ghníomhaireacht oiriúnaitheach chumhachtach seo atá sofhreagrúil agus práinneach. Trína cheannaireacht agus trína fhoireann cruthaíonn sé ardáin le haghaidh taiscéalaíochta, ceistiúcháin agus díospóireachta ar shaincheistean a bhfuil tábhacht chultúrtha leathan ag baint leo trí mheán na haitireachta agus na timpeallachta tógtha. Is eagraíocht í atá fíorshamhlaíoch, lúfar agus ábhartha a théann lasmuigh de theorainneacha náisiúnta agus a nascann Éire le comhthéacs cultúrtha idirnáisiúnta níos leithne trí chleachtas agus smaointeoireacht.”

An tOllamh Lesley Lokko OBE,
Stiúrthóir,
African Futures Institute

“Ag labhairt ó réigiún na hAfraice Thiar, tá ról fiosrach ag Éirinn dúinn, mar chuid den domhan coilíneach agus den domhan iar-choilíneach araon. Maidir le guth, barántúlacht agus bealach chun cinn a aimsiú don ailtireacht sa spás sin, tá sé sin á dhéanamh ag ailtireacht na hÉireann le fada an lá. Is eiseamláir an-spéisiúil dúinn é IAF — samhail chun rudaí a dhéanamh ar bhealach difriúil, rud a chuidíonn linn ról láidir na haitireachta san fhéiniúlacht, sa chomhthorobairt áite, sa chultúr agus i dtógáil náisiúin a fheiceáil.”











- A Benchmark le Rubble do
Open House Dublin, Áras IAF,
Baile Átha Cliath, 2024.
Grianghraf le Paul Sherwood.
- B The Reason of Towns:
taispeántas le Valerie
Mulvin, The Architecture
Fringe, Glaschú, 2025.
Grianghraf le Peter Molloy.
- C Bog Bothy, 12th Field
agus IAF, Portach na
Greallaí, 2025.
Grianghraf le Ste Murray.
- D Ceardlann SCALA le Asbestos,
Open House Junior, Áras IAF,
Baile Átha Cliath, 2025.
Grianghraf le Ste Murray.
- E Ard-Oifig an Phoist, Turas
gan Deireadh Shráid Uí
Chonail, Karl Whitney,
Open House Dublin, 2025.
Grianghraf le Ste Murray.
- F Ceardlann A Place Belongs
Forever To, Áras IAF,
Baile Átha Cliath, 2024.
Grianghraf le Paul Sherwood.

Féiniúlacht

● Cuspóir

Daoine a chumhachtú chun domhan níos fearr a shamhlú agus a thógáil le chéile.

● Fís

Áit a bhfuil an ailtireacht ríthábhachtach chun ár gcreatlach saoil a thógáil go cuimsitheach — an cultúr, an fhéiniúlacht agus an todhchaí.

● Misean

Tacú le cumhacht na haitireachta chun saolta a athrú agus feabhas a chur ar na háiteanna ina mairimid, ina bhfoghlaimímid, ina n-oibrímid agus ina ndéanaimid súgradh.

Luachanna

Tá ár luachanna comhsheasmhach lenár straitéis roimhe seo. Tá a bhfuil i gceist leis seo agus an chaoi a gcuirimid i ngníomh iad curtha in iúl inár bplean oibre ceithre bliana.

→ Oscailteacht

Táimid oscailte do smaointe, ionchuimsitheach do gach duine, agus flaithiúil maidir le deiseanna a chruthú do gach duine chun dul i ngleic leis an ailtireacht agus a bheith rannpháirteach inti.

→ Barr Feabhais

Cuirimid dea-chleachtas chun cinn i ngach rud a dhéanaimid agus táimid tiomanta d’obair eisceachtúil daoine eile a roinnt.

→ Misneach

Tá muinín againn ceisteanna a chur, dúshlán a thabhairt do noirm, agus rudaí a thríail. Spreagaimid daoine eile chun é sin a dhéanamh freisin.

Is iad sin na tosca nach mór dár n-eagraíocht a úsáid chun ár smaointeoireacht agus ár ngníomhartha fadtéarmacha a threorú agus a stiúradh. Ba cheart dúinn athchuairt a thabhairt orthu go minic agus cuireadh a thabhairt do dhaoine eile tacú leo agus rannchuidiú leo. Nascann siad sin lenár gcuspóir agus cabhraíonn siad linn ár misean a chur i gcrích.

AG DUL CHUN CINN
Méadaímid an tuiscint ar luach poiblí, cultúrtha, sochaíoch agus náisiúnta na haitireachta.
↓

AG CUMASÚ
Cruthaímid deiseanna do níos mó daoine smaoineamh ar an ailtireacht agus dul i ngleic léi ar bhealach difriúil.
↓

AG SAMHLÚ
Cuirimid bealaí nua chun cinn chun ailtireacht a chleachtadh a chuimsíonn rannpháirtíocht an phobail agus riosca cruthaitheach chun feabhas agus athrú sochaíoch a spreagadh.
↓

AG BORRADH
Tugaimid daoine agus eagraíochtaí le chéile chun gníomhaíocht a spreagadh agus chun freastal agus tionchar dearfach na haitireachta i saol daoine a mhéadú.
↓

Cuspóirí Fadtéarmacha

Faoi gach colún tá sraith cuspóirí fadtéarmacha againn a threoraíonn ár smaointeoireacht agus ár ngníomhaíochtaí, agus gur cheart dúinn ár gcuid oibre go léir a chur chun cinn.

● Feiceálacht mhéadaithe
Réimse peirspictíochtaí atá ag dul i méid a chuidíonn le daoine an ailtireacht a thuiscint ar bhealach níos leithne agus níos inláimhsithe.

● Rannpháirtíocht níos doimhne
Spreagann cáilíocht agus cruthaitheacht ár gcuid oibre daoine chun páirt níos rialta agus níos doimhne a ghlacadh.

● Luach níos soiléire
Tá luach poiblí, cultúrtha, sochaíoch agus náisiúnta na haitireachta curtha in iúl agus comhroinnte.

● Tionchar a bhfuil fianaise ann ina leith
Is fearr a léirítear tionchair dhearfacha na haitireachta ar shaol daoine.

● Rannpháirtíocht mhéadaithe
Tá méadú ag teacht ar líon na ndaoine a bhraitheann go dtugtar cuireadh dóibh agus go bhfuil sé de chumhacht acu páirt a ghlacadh i bhforbairt áiteanna agus spásanna.

● Cuimsiú níos fearr
Tá sraith leathnaithe grúpaí agus peirspictíochtaí san áireamh go gníomhach agus go measúil i smaointeoireacht, i gcomhráite agus i múnú na timpeallachta tógtha.

● Foghlaim a chumasú
Raon conairí éagsúlaithe chun foghlaim faoin ailtireacht a chumasú.

● Todhchaíochtaí a cheistiú
Déanfar saincheisteanna níos criticiúla atá ag teacht chun cinn a réiteach agus a cheistiú ar mhaithe leis an bpobal agus le cleachtas.

● Eolas a fhorbairt
Déanfar an t-eolas a fhorbróimid a roinnt agus a úsáid go forleathan chun cleachtas a chur chun cinn.

● Comhar a fhabhrú
Cleachtais agus bealaí oibre idirdhisciplíneacha, comhoibríocha agus rannpháirteacha a fhorbairt.

● Deiseanna scálaithe
Tá ár samhla nua rathúla scálaithe chun deiseanna nua a chruthú do chleachtóirí agus torthaí níos fearr do dhaoine.

● Comhráite criticiúla
Tionólaímid na comhráite is criticiúla den lá leo siúd is mó a mbíonn tionchar acu orthu.

● Tionchar atá ag méadú
Cuireann ár seasamh uathúil neamhspleách agus ár líonra atá ag fás leis an muinín as an ailtireacht mar bhealach chun athrú sóisialta dearfach a bhaint amach.

● Ceann scribe níos láidre
Infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar a fhágann gur príomhcheann scríbe fisiciúil agus digiteach muid dár saineolas agus dár léargas.

● Clú idirnáisiúnta
Ardán idirnáisiúnta atá ag dul i méid a thógáil a chuireann peirspictíochtaí ar leith agus féiniúlacht chleachtas ailtireachta na hÉireann chun cinn.

Plean Oibre

Cé nach bhfuil athrú tagtha ar ár sainchúram domhain eagraíochtúil, leanann na comhthéacsanna ina n-oibrímid de bheith ag forbairt go tapa. Agus an méid sin á chur san áireamh, táimid ag múnlú ár straitéise ar bhealach chun an tacaíocht is fearr a thabhairt do na fíordhúshláin sin.

Cinntteoidh an straitéis eagraíochtúil ocht mbliana sin go mbeimid dílis dár bhfís agus dár misean agus go ndéanfaimid í a leabú ar bhealach níos doimhne go fadtéarmach.

Cuirfidh plean oibre ceithre bliana ar ár gcumas freagairt, díriú agus tionchar a imirt ar na réimsí a mheasaimid a bheith ríthábhachtach maidir leis an tionchar a bhíonn ag an ailtireacht ar ár ndomhan anois agus amach anseo.

Tá achoimre ar ár bplean oibre ceithre bliana — 2026–29 — leagtha amach anseo.

Chun ár gColún gluaiseachta chun tosaigh a sheachadadh, déanfaimid an méid seo a leanas:

Aird a dhíriú ar na bealaí is práinní agus is criticiúla a dtéann an ailtireacht isteach inár saol agus inár gcultúr agus a mhúnlaíonn í anois.

● Ár n-iarrachtaí a dhíriú Sna ceithre bliana amach romhainn, díreoidimid ar an tuiscint ar an ailtireacht agus ar an ról atá aici i gclaochlú cruthaitheach a chur chun cinn i gceithre phríomhréimse: → Cultúr & Féiniúlacht → An Aeráid → Sláinte & Folláine → Poiblíocht

● Clársceidealú nasctha Snáitheoidimid gnéithe de na téamaí sin trínár dtaispeántas, ár bhféile, agus cuirfimid obair ar bun sna ceithre bliana amach romhainn, chun gnéithe iomadúla a dhéanamh infheicthe agus chun rannpháirtíocht níos doimhne a spreagadh.

● Ardán Abhcóideachta Ardán abhcóideachta a fhorbairt chun na meáin a nascadh le guthanna saineolaithe (IAF agus comhpháirtithe) chun dul i gcion ar ról na hailtireachta sna réimsí sin agus ar an luach a chruthaíonn sé do dhaoine.

● Gníomhaíocht a choinneáil ag gabháil Creataí a fhorbairt — clársceidealú, oibríochtúil, maoiniú — chun tacú le tionchar níos fadtéarmaí ar thionscadail agus ar ábhair agus chun luach níos doimhne a chothú don phobal agus dár gcomhpháirtithe.

● Tionchar a mheas Forbróimid uirlisí chun tionchar ár gcuid oibre agus ár dtionscadal a mheas maidir le tuiscint, dul chun cinn agus deiseanna a leathnú sna réimsí sin.

Chun ár gColún cumhachtaithe a sheachadadh, déanfaimid an méid seo a leanas:

Leathnú a dhéanamh ar na daoine a n-éiríonn leo — agus ar an gcaoi a n-éiríonn leo — dul i ngleic leis an ailtireacht, i a fhorbairt agus i a mhúnlú.

● Cuimsiú a mhéadú Déanfaimid tionscadail a bhfuil achomharc poiblí leathan acu a chothromú, leo siúd a fhéachann le sraith grúpaí sonracha a fhostú a chreidimid gur cheart iad a dhéanamh lárnach do chomhráite atá ag teacht chun cinn maidir leis an timpeallacht tógtha agus an tionchar a bhíonn aige ar a saol. Áirítear anseo: → Daoine óga → Pobail tuaithe & réigiúnacha → Grúpaí faoi ghannionadaíocht

● Tuiscint a dhoimhniú Forbróimid comhairliúchán inár dtionscadail chun a chinntiú go dtuigfimid go hiomlán na grúpaí agus a gcuid riachtanas.

● Peirspictíochtaí a éagsúlú Leathnóimid ár gcomhoibrithe agus ár gcomhpháirtithe ar thionscadail chun a chinntiú go leanfaimid d'éagsúlacht smaointeoireachta agus taithí a mhéadú laistigh dár gcur chuige

● Foghlaim a fhi Fífidimid deiseanna foghlama agus rannpháirtíochta inár dtionscadail uile chun bealaí malartacha tarraingteacha agus tuisceana a chur ar fáil.

Chun ár gColún samhlaíochta a sheachadadh, déanfaimid an méid seo a leanas:

Iníúchadh a dhéanamh ar na bealaí inar féidir an ailtireacht agus ár gcuid oibre a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua.

● Tascfhórsa T&F Cuirfimid meitheal inmheánach ar bun a mbeidh sé de chúram uirthi na comharthaí, na deiseanna agus na tionscadail a chothú chun ár bpibline amach anseo a thógáil — agus deiseanna a fhiosrú chun foghlaim, scileanna nó tionscadail roimhe seo a mhéadú.

● Eolas a thógáil Déanfaimid an t-eolas a forbraíodh tríd an tascfhórsa agus ar fud ár dtionscadal uile a ghabháil agus a fhoilsiú chun smaointeoireacht ar réimsí criticiúla atá ag teacht chun cinn a chur chun cinn.

● Áit a scálú An tionchar a bhí againn lenár gcuid oibre maidir le comhfhorbairt áite a mhéadú trí chomhpháirtíochtaí nua agus trí leagan fiontair den tairiscint a fhorbairt, chun deiseanna do chleachtóirí a mhéadú, chun comhfhorbairt áite atá dírithe ar dhaoine a chur chun cinn agus chun tacaíocht airgeadais a chur ar fáil don eagraíocht.

Chun ár gColún spreagtha a sheachadadh, déanfaimid an méid seo a leanas:

Caidrimh, deiseanna agus coinníollacha nua a fhorbairt chun dul chun cinn a dhéanamh.

● An líonra a leathnú Ár líonra a leathnú go gníomhach trí chomhráite criticiúla a óstáil, ag díriú ar phríomhréimsí: → An rialtas uile → Uile-Éire → AE

● Spásanna a eagrú Leanúint d'úsáid a bhaint as preabspásanna agus spásanna sealadacha chun iad sin a óstáil agus, ag an am céanna, abhcóidí a thógáil le haghaidh spás níos buaine — Áras IAF.

● Áras IAF Dlús a chur leis an bpróiseas chun ionad buan a aimsiú agus a bhunú d'IAF chun cabhrú le sroicheadh, clú agus tionchar ár gcuid oibre a mhéadú.

● Comhfhorbairt Áite an Aontais Eorpaigh Chun IAF agus Éire a bhunú mar phríomh-chomhpháirtithe le pobail maidir le comhfhorbairt áite an Aontais, rud a fhágfaidh go mbeimid inár mol le haghaidh nasc agus deiseanna.

Agus an straitéis sin á forbairt againn, thugamar faoi rannpháirtíochtaí le príomhghrúpaí páirtithe leasmhara chun tuiscint níos fearr a fháil ar ár ndul chun cinn agus ar ár luach mar eagraíocht, agus chun bonn eolais a chur faoinár smaointeoireacht maidir lenár dtreoshuíomh amach anseo.

Straitéis curtha i dtoll a chéile ag wove i gcomhar le hIAF.

- Agallaimh Duine-le-Duine

Fionnuala Sweeney — Ceannasaí Scannánaíochta agus Ailtireachta, An Chomhairle Ealaíon

le hAlan Mee — Comhairleoir Ailtireachta

Daniel Sinnott — Príomhoifigeach, An tAonad um Beartas Oidhreachta Tógtha agus Ailtireachta, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Conor Sreenan — Ailtire Stáit agus Príomh-Ailtire, Oifig na nOibreacha Poiblí
- Páirtithe leasmhara tionscail seisiún ceardlainne

Colum O’Riordan — Cartlann Ailtireachta na hÉireann

Frank Monahan — Architecture at the Edge

An Dr Sandra O’Connell — RIAI

Ciarán Fox — Cumann Ríoga Ailtirí Uladh

Colin Mackay — Hawkins\Brown

Laura Carroll — Islander Architects

Emma Geoghegan — Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

Amberlea Neely — Starling Start

Tara Kennedy — Work Shop Bantry

Denise Murray — Metropolitan Workshop

Alice Casey — TAKA Architects
- Comhpháirtithe cultúrtha idirnáisiúnta seisiún ceardlainne

Manijeh Verghese — Open City, Londain

Andy Summers — Architecture Fringe, Albain

Lesley Lokko — African Futures Institute

János Klaniczay — KÉK, Contemporary Architecture Centre, an Ungáir

Kieran Long — Amos Rex, Heilsincí

Brendan Cormier — V&A East ag Músaem Victoria agus Albert

Rinne Bord IAF maoirseacht ar an bpróiseas straitéise sa chéad leath de 2025.

Seo a leanas comhaltaí an Bhoird:

- Brian Moran — Cathaoirleach
- Michael Goan
- Claire Healy
- Aoife Hurley
- Michael Pike
- Sophie El Nimr
- Francesca Ferguson
- Laura Murray
- Scott Burnett
- An tOllamh Margaret Barry

Seo a leanas na Feidhmeannaigh a ghlac páirt sa phróiseas:

- Emmett Scanlon
- Stiúrthóir
- Breena Cooper
- Ceannasaí Cumarsáide Straitéisí
- Karen Lee Walpole
- Bainisteoir Sinsearach, Féilte agus Cúrsa Idirnáisiúnta
- Hannah Rickard
- Bainisteoir Sinsearach, Maoiniú agus Forbairt
- Bláithín Quinn
- Bainisteoir, Oideachas agus Foghlaim
- Vanessa Menegaldo
- Bainisteoir, Rannpháirtíocht agus Fiontraíocht
- Felix Hunter Green
- Bainisteoir, Taispeántais agus Foilseacháin
- Dean Black
- Bainisteoir, Tacaíochtaí Comhfhorbartha Áite agus Ailtirí
- Felicity Maxwell
- Bainisteoir Cúnta, Cumarsáid agus Foilseacháin
- Alba Ferrero
- Bainisteoir Cúnta, Féilte agus Idirnáisiúnta
- Niamh McDaid
- Bainisteoir Cúnta, Léiriú agus Airgeadas
- Katie Fitzgerald
- Oifigeach, Lucht Féachana agus Oibrithe Deonacha
- Niamh Dillon
- Bainisteoir Airgeadais

Fondúireacht Ailtireachta na hÉireann

iaf.ie



Foilsithe Samhain 2025
Eagrán de 250

Tá an straitéis seo
ar fáil i nGaeilge
agus i mBéarla ag
iaf.ie/strategy

Clóchurtha in IAF
Sans & Bradford Mono
Dearadh le Post
Priontáilte ag
Plus Print

IAF

15 Siúlán Bhaitisiléir,
D01 EA02, Éire
+353 1 874 7200
info@iaf.ie

Uimhir Rialtóra
Carthanas IAF
20068578

Uimhir Charthanas IAF
CHY 18069

Tacaigh Linn



Fondúireacht Ailtireachta na hÉireann

Ár
dTodhchaí
a Mhúnlú

iaf.ie